**Coimisiún na Scrúduithe Stáit**
State Examinations Commission

# An Teastas Sóisearach 2019

# Scéim Mharcála

# Matamaitic

# Gnáthleibhéal

# Páipéar 2

## Struchtúr na scéime marcála

Déantar freagraí na n-iarrthóirí a mharcáil de réir scálaí éagsúla, ag brath ar na cineálacha freagra a bhfuiltear ag súil leo. I gcás scálaí a bhfuil an lipéad A orthu, roinntear freagraí na n-iarrthóirí ina dhá chatagóir (ceart agus mícheart). I gcás scálaí a bhfuil an lipéad B orthu, roinntear na freagraí ina dtrí ghrúpa (ceart, ceart i bpáirt, agus mícheart), agus mar sin de. Tá achoimre le fáil sa tábla seo a leanas ar na scálaí agus ar na marcanna a leanann astu:

| Lipéad an scála | A | B | C | D |
|---|---|---|---|---|
| Líon na gcatagóirí | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Scála 5 mharc | | 0, 2, 5 | 0, 2, 3, 5 | |
| Scála 10 marc | | 0, 5, 10 | 0, 4, 7, 10 | 0, 3, 5, 8, 10 |
| Scála 15 mharc | | | 0, 5, 10, 15 | 0, 4, 8, 12, 15 |
| Scála 20 marc | | | 0, 7, 14, 20 | 0, 5, 10, 15, 20 |

Tugtar tuairisceoir ginearálta anseo thíos le haghaidh gach pointe ar gach scála. Más gá, tá treoracha níos sonraí le fáil sa scéim féin maidir leis an tslí chun na scálaí a léiriú i gcomhthéacs gach ceiste.

## Scálaí marcála – tuairisceoirí leibhéil

**A-scálaí (dhá chatagóir)**

- freagra mícheart (creidiúint ar bith)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

**B-scálaí (trí chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra ceart i bpáirt (páirtchreidiúint)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

**C-scálaí (ceithre chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

**D-scálaí (cúig chatagóir)**

- freagra gan aon fhiúntas substaintiúil (creidiúint ar bith)
- freagra lena ngabhann fiúntas éigin (páirtchreidiúint íseal)
- tuairim is an leathchuid den fhreagra ceart (páirtchreidiúint mheánach)
- freagra beagnach ceart (páirtchreidiúint ard)
- freagra ceart (creidiúint iomlán)

I gcásanna áirithe, ar cásanna iad, de ghnáth, ina ndéantar uimhreacha a shlánú go mícheart, ina bhfágtar aonaid ar lár, ina ndéantar míléamh nach róshimplíonn an obair, nó ina ndéantar earráid uimhríochta nach róshimplíonn an obair, féadfar marc a thabhairt chomh maith atá aon mharc amháin faoi mharc na creidiúna iomláine. Dá bhrí sin, mar shampla, i Scála 10C, féadfar 9 marc a thabhairt.

Ní fhéadfar marc ar bith a thabhairt seachas na marcanna sin ar an scála cuí, agus *Creidiúint Iomlán –1.*

Go ginearálta, glac le hobair iarrthóra i gcuid amháin de cheist lena húsáid i gcodanna ina dhiaidh sin den cheist mura róshimplíonn sé sin an obair lena mbaineann.

## Achoimre ar leithroinnt na marcanna agus ar na scálaí atá le cur i bhfeidhm

**Ceist 1 (15)**

| | |
|---|---|
| (a) | 5C |
| (b), (c) | 10C |

**Ceist 2 (25)**

| | |
|---|---|
| (a), (I), (ii) | 15D |
| (b), (c) | 10C |

**Ceist 3 (20)**

| | |
|---|---|
| (a) | 10C |
| (b) | 10C |

**Ceist 4 (20)**

| | |
|---|---|
| (a),(b) | 15D |
| (c) | 5C |

**Ceist 5 (30)**

| | |
|---|---|
| (a),(b) | 20D |
| (c)(I), (ii) | 10C |

**Ceist 6 (30)**

| | |
|---|---|
| (a)(I),(ii),(iii) | 10C |
| (b) (I), (ii) | 5B |
| (c) | 5C |
| (d) | 5B |
| (e) | 5B |

**Ceist 7 (20)**

| | |
|---|---|
| (a) | 5B |
| (b), (c) | 10B |
| (d) | 5C |

**Ceist 8 (50)**

| | |
|---|---|
| (a) | 5B |
| (b)(i), (ii) | 15C |
| (c) | 5B |
| (d)(i), (ii) | 10D |
| (d)(iii) | 15D |

**Ceist 9 (15)**

15C

**Ceist 10 (30)**

| | |
|---|---|
| (a) | 5B |
| (b) | 10C |
| (c) | 5C |
| (d),(e) | 10C |

**Ceist 11 (45)**


| | |
|---|---|
| (a) | 10C |
| (b) | 5B |
| (c)(i),(ii),(iii) | 10D |
| (d) | 10C |
| (e) | 10C |




## Réitigh Shamplacha agus Nótaí Marcála

Tabhair do d’aire: Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith– d’fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann. Aon scrúdaitheoir atá éiginnte faoi bhailíocht chur chuige aon iarrthóra ar leith i gceist áirithe, ba chóir dó/di teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.


| **C1** | **Réiteach Samplach – 15 Mharc** | **Nótaí Marcála** |
|---|---|---|
| (a) | $40 \times 18 = 720\ m^2$ | **Scála 5C (0, 2 ,3, 5)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Faightear peiriméadar nó leathpheiriméadar<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• 40 × 18<br>*Creidiúint Iomlán – 1*<br>• Cuir * leis as aonaid mhíchearta nó mura bhfuil aonaid ar bith ann |
| (b),(c) | (b)<br>$40 \times 18 \times 14 = 10\ 080 m^3$<br>(c)<br>Laghdaigh é<br>*Nó*<br>Faigh achar an tosaigh agus méadaigh faoi 40 | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (b) , mar shampla: Toradh an 2 uimhir ábhartha nó foirmle cheart<br>• (c) ceart nó obair lena ngabhann fiúntas in (c)<br>• *Faightear achar dromchla amháin nó níos mó*<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• (b) ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br>*Creidiúint Iomlán – 1*<br>• Cuir * leis as aonaid mhíchearta nó mura bhfuil aonaid ar bith ann, murar cuireadh * leis in (a)<br>Tabhair do d’aire: Glac le “tá sé rómhór” nó rud éigin comhchosúil mar fhreagra ceart in (c) |

| C2 | Réiteach Samplach – 25 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a)<br>(i),(ii) | (i) Pointí cearta ar bith breactha agus lipéadaithe<br><br>(ii) Comhordanáidí na bpointí tugtha | **Scála 15D (0, 4, 8, 12, 15)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Pointe ar bith breactha agus lipéadaithe san áit cheart<br>• Pointe amháin breactha agus comhordanáidí tugtha nó aisiompaithe<br>• Comhordanáid amháin nó dhá chomhordanáid ceart<br>*Páirtchreidiúint Mheánach*<br>• Dhá phointe nó trí phointe breactha agus lipéadaithe san áit cheart<br>• Dhá phointe breactha agus comhordanáidí cearta nó aisiompaithe<br>• (i) nó (ii) ceart<br>• Pointe amháin iomlán ceart i gcodanna (i) agus (ii)<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Dhá phointe iomlán ceart maidir le (i) agus (ii)<br>*Creidiúint Iomlán – 1*<br>• Na pointí ar fad breactha i gceart agus comhordanáidí tugtha ach níl siad lipéadaithe<br>• Na pointí ar fad breactha agus lipéadaithe i gceart ach na comhordanáidí aisiompaithe |
| (b),(c) | (b) $r = 3[cm]$<br><br>(c) $A = \pi r^2$<br>$= \pi(3)^2$<br>$= 28 \cdot 3[cm^2]$ 1 Ionad Deachúil | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>Glac le freagra ceart gan aonaid<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• (b) ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (c), mar shampla: Foirmle cheart nó oibríocht cheart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in ( b) i.e. 2r =6 nó r léirithe go soiléir ar an léaráid<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• (b) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in (c)<br>• (c) ceart<br>*Creidiúint Iomlán (-1)*<br>• Slánú mícheart nó gan slánú ar bith<br>• Úsáidtear π = 3.1 |

| C3 | Réiteach Samplach – 20 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | $3+1+1+2+4+3=14cm$ | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br><br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla: Suimiú ábhartha nó dhá fhad ábhartha léirithe<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• 4 nó 5 shlios curtha leis<br>• 3+1+1+2+4+3 ach gan a bheith curtha leis<br>*Creidiúint Iomlán – 1*<br>• Cuir * leis as aonaid mhíchearta nó mura bhfuil aonaid ar bith ann |
| (b) |  | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Rinn amháin seachas P aistrithe<br>• Íomhá den chruth a thugtar déanta faoi shiméadracht nó rothlú<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Líne amháin aistrithe<br>• Íomhá den chruth a thugtar déanta faoi aistriú mícheart |


<table>
<tr><th>C4</th><th>Réiteach Samplach – 20 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a),<br>(b)</td><td>(a)<br><br><br>(b)<br><br><br>Nó réiteach bailí ar bith eile</td><td>Scála 15D (0, 4, 8, 12, 15)<br>Páirtchreidiúint Íseal<ul><li>Obair lena ngabhann fiúntas in (a) nó (b) mar shampla:<br>In (a), tarraingítear cearnóg mhícheart nó luaitear 4 nó tarraingítear slios d’fhad 4 cm nó tarraingítear dronuilleog d’achar 16 $cm^2$<br>In (b), tarraingítear dronuilleog mhícheart nó scríobhtar aon phéire fachtóirí de 12 nó tarraingítear cearnóg</li></ul>Páirtchreidiúint Mheánach<ul><li>(a) nó (b) ceart</li><li>Obair lena ngabhann fiúntas in (a) agus (b)</li></ul>Páirtchreidiúint Ard<ul><li>(a) nó (b) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas sa chuid eile</li></ul></td></tr>
<tr><td>(c)</td><td><br><br>Nó réiteach bailí ar bith eile</td><td>Scála 5C (0, 2, 3, 5)<br>Páirtchreidiúint Íseal<ul><li>Achar fhoirmle an triantáin</li><li>Tarraingítear triantán ar bith</li><li>Tarraingítear dronuilleog 7 cm × 2 cm.</li><li>7 × 2 or 14× 1</li></ul>Páirtchreidiúint Ard<ul><li>Tarraingítear triantán d’achar 3 .5 $cm^2$</li></ul></td></tr>
</table>

<table>
<tr><th>C5</th><th>Réiteach Samplach – 30 Marc</th><th>Nótaí Marcála</th></tr>
<tr><td>(a),(b)</td><td>(a)<br><table><tr><td>Géar</td><td>Athfhillteach</td><td>Maol</td></tr><tr><td>P</td><td>S</td><td>Q</td></tr></table><br>(b)<br>$|\angle P| = 60°$<br>$|\in Q| = 120°$<br>$|\angle S| = 240°$</td><td>Scála 20D (0, 5, 10, 15, 20)<br>Páirtchreidiúint Íseal<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla:<br>In (a), cineál amháin uillinne ceart<br>In (b), uillinn amháin ceart, nó luaitear 180 ° nó 360 ˚<br>Páirtchreidiúint Mheánach<br>• (a) ceart<br>• In (b) 2 uillinn i gceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br>Páirtchreidiúint Ard<br>• (a) ceart, agus uillinn cheart amháin in (b)<br>• (b) ceart</td></tr>
<tr><td>(c)<br>(i),(ii)</td><td>(i) Tá an dá thriantán comhshleasach mar sin tá na huillinneacha céanna acu<br><br>(ii) Tá faid éagsúla ag sleasa na dtriantán</td><td>Scála 10C (0, 4, 7, 10)<br>Páirtchreidiúint Íseal<br>• Obair ábhartha éigin<br>Páirtchreidiúint Ard<br>• (i) nó (ii) ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid</td></tr>
</table>

| C6 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a)<br>(i),(ii),(iii) | (i) $60{,}000$<br><br>(ii) $110{,}000$<br><br>(iii) $90{,}000 + 80{,}000 = 170{,}000$ | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Luachanna ábhartha éigin in (iii)<br>• 1 ceart<br>• Iomlán le haghaidh post ar bith eile do (iii)<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• 2 ceart<br><br>*Creidiúint Iomlán -1*<br>• Scríobhtar 90,000 +80,000 mar fhreagra in (iii)<br>*Míléamh (-1)*<br>Tugtar líon na mban in A (10000) agus tugtar líon na bhfear in B (40000)<br>**<u>Tabhair do d'aire:</u>** Tá lamháltas ± 2000 i bhfeidhm ar chuid (ii) agus ar chuid (iii) |
| (b)(i),(ii) | (i) B<br><br>(ii) A | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint*<br>• 1 ceart |
| (c) | <br> | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Ríomhtar líon na mban le post E (80 000)<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Colún ceart amháin<br>*Creidiúint Iomlán -1*<br>• Gan scáthú |
| (d) | $0 \cdot 5$<br><br>Tá post C gar do 50:50 | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint*<br>• Tic sa bhosca ceart<br>• roghnaítear $0 \cdot 9$ le cúis go bhfuil post C ag níos mó ban ná mar atá ag fir |
| (e) | $\frac{3}{10}$ | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint*<br>• Uimhreoir nó ainmneoir ceart<br>• Oibrítear 10 amach |

| C7 | Réiteach Samplach – 20 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | $177 - 166 = 11\ [cm]$ | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>Glac le freagra ceart gan aonaid<br><br>*Páirtchreidiúint*<br>• Cuirtear an t-uasluach/íosluach in iúl<br>*Creidiúint Iomlán – 1*<br>• Tugtar an raon mar "166 go 177" nó a mhacasamhail |
| (b), (c) | (b) $168\ [cm]$<br><br>(c) $169\ [cm]$ | **Scála 10B (0, 5, 10)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>Glac le freagra ceart gan aonaid<br>*Páirtchreidiúint*<br>• (b) nó (c) ceart<br>• Meastar an mód leis an meánach<br>• Taispeántar tuiscint ar an meánach mar luach láir<br>• Taispeántar tuiscint ar an mód |
| (d) | $\frac{166 + 168 + 168 + 169 + 172 + 173 + 177}{7}$<br>$= \frac{1193}{7} = 170 \cdot 4\ [cm]$ 1 Ionad Deachúil | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>Glac le freagra ceart gan aonaid<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Suimiú ábhartha ar bith<br>• Roinnt ar 7 léirithe<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Faightear an tsuim cheart<br>• Fágtar uimhir amháin ar lár<br><br>*Creidiúint Iomlán -1*<br>• *Cuir * leis le haghaidh slánú mícheart nó gan slánú ar bith* |



| C8 | Réiteach Samplach – 50 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | $\frac{1}{4}$ | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint*<br>• uimhreoir nó ainmneoir ceart |
| (b)(i)&(ii) | (i) Teaglaim nua ar bith<br>e.g. **Anlann BBQ** agus **Gnáthshicín**<br><br>(ii) $4 \times 3 = 12$ | **Scála 15C (0, 5, 10, 15)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• obair lena ngabhann fiúntas in (i) nó (ii), mar shampla:<br>In (i) Teaglaim nua ar bith<br>In (ii), liostaítear teaglaim amháin eile ar a laghad, nó tuiscint éigin ar an mbunphrionsabal maidir le áireamh, nó 4 agus / nó 3 a úsáid<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• (i) nó (ii) ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas sa dá chuid<br><br>*Creidiúint Iomlán (-1)*<br>(i) ceart agus liostaítear na fothorthaí ach níl an t-iomlán ríofa in (ii) |
| (c) | $150 + 240 + 130 = 520$<br>$600 - 520 = 80$ | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>*Páirtchreidiúint*<br>• Suimiú nó dealú ábhartha ar bith |
| (d)(i),(ii) | (i) $360°$<br><br>(ii)<br>$\frac{130}{600} \times 360 = 78°$<br>$\frac{80}{600} \times 360 = 48°$ | **Scála 10D (0, 3, 5, 8, 10)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• (i) ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (ii), mar shampla:<br>oibríocht cheart amháin<br>*Páirtchreidiúint Mheánach*<br>• (i) ceart agus obair lena ngabhann fiúntas in (ii)<br>• 1 uillinn cheart in (ii)<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• (i) ceart agus 1 uillinn cheart in (ii)<br>• (ii) ceart |

| (d)(iii) |  | **Scála 15D (0, 4, 8, 12, 15)**<br>Lamháltas ±3°<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Ga amháin<br>*Páirtchreidiúint Mheánach*<br>• Tarraingítear 1 uillinn i gceart<br>• Tarraingítear píchairt ar a bhfuil 4 achar ach ní thomhaistear na huillinneacha<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Tarraingítear 2 uillinn i gceart<br>*Creidiúint Iomlán – 1*<br>• Píchairt i gceart ach fágtar ar lár na lipéid nó méideanna na n-uillinneacha |
|---|---|---|

| C9 | Réiteach Samplach – 15 Mharc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| | $180\,° - (90° + 35°) = 55°$ | **Scála 15C ( 0, 5 ,10, 15)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla:<br>dronuillinn léirithe ar an léaráid, léirítear 180°<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Oibríocht cheart amháin, mar shampla: 90 ° + 35 °, 180 ° - 35 ° |

| C10 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | An pointe $(-1{,}3)$ breactha agus lipéadaithe le B | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint*<br>• Obair éigin i dtreo an lárphointe a fháil<br>*Creidiúint Iomlán – 1*<br>• Ní lipéadaítear an pointe<br>*Míléamh (-1)*<br>Faightear an lárphointe don Scoil go dtí an Teach nó an Teach go dtí an Siopa |
| (b) | $\sqrt{(3-(-3))^2+(3-1)^2}$<br>$= 6.3\ [cm]$ | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Freagra ceart gan obair<br>• Scríobhtar comhordanáid an Tí nó an tSiopa<br>• Úsáid éigin cheart as Píotágaráis<br>• Freagra ceart trí thomhas<br>• Teach go Siopa ceangailte ar an léaráid<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Foirmle ionadaithe go hiomlán<br>• $\sqrt{40}$<br>*Creidiúint Iomlán – 1*<br>• Cuir * leis le haghaidh slánú mícheart nó gan slánú ar bith<br>*Míléamh (-1)*<br>Faightear an fad ón Teach go dtí an Scoil nó ón Scoil go dtí an Siopa |
| (c) | $5 \cdot 7\ \times 2500$<br>$= 14\,250\ cm$<br>$= 142 \cdot 5\ [m]$ | **Scála 5C (0, 2, 3, 5)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Úsáid as $5 \cdot 7$ agus 2500<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Tugtar an freagra ceart in cm |

| C10 | Réiteach Samplach – 30 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (d), (e) | (d)<br>$$\frac{ardú}{rith} = \frac{2}{6} = \frac{1}{3}$$<br>**NÓ**<br>$$m = \frac{3-1}{3-(-3)} = \frac{1}{3}$$<br><br>(e)<br>$$\tan^{-1}\left(\frac{1}{3}\right) = 18 \cdot 43 \ldots ^\circ$$<br>$= 18^\circ$ céim is gaire | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (d) nó (e), mar shampla<br>In (d), léirítear ardú nó rith<br>In (e), faightear tan $\left(\frac{1}{3}\right)$<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• (d) nó (e) ceart<br>• Obair lena ngabhann fiúntas in (d) agus (e)<br>*Creidiúint Iomlán (-1)*<br>• An t-áireamhán sa mhód mícheart<br>• Cuir * leis mura bhfuil sé slánaithe nó má tá sé slánaithe go mícheart |

| C11 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (a) | Léaráid A<br>$26-(10+5)$<br>$=11$<br>Léaráid B<br>$26-(10+9)$<br>$=7$ | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br>Glac le freagra ceart gan obair<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Suimiú nó dealú ábhartha éigin<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• A nó B ceart |
| (b) | Corrshleasach<br>Tá faid éagsúla ag na sleasa go léir | **Scála 5B (0, 2, 5)**<br>*Páirtchreidiúint*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas, mar shampla:<br>Tic sa bhosca ceart, nó obair lena ngabhann fiúntas sa chúis |
| (c)<br>(i)(ii)(iii) | (i)<br><br><br>(ii) $25cm^2$<br>(iii) Pointe B breactha agus lipéadaithe | **Scála 10D (0, 3 , 5 ,8 , 10)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Obair lena ngabhann fiúntas i gcuid amháin<br>*Páirtchreidiúint Mheánach*<br>• Cuid amháin ceart nó obair lena ngabhann fiúntas in dhá chuid<br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>Dhá chuid ceart nó obair lena ngabhann fiúntas i dtrí chuid<br>*Creidiúint Iomlán (-1)*<br>Ní lipéadaítear B |
| (d) | <br> | **Scála 10C (0, 4, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Tarraingítear léaráid píolótach<br>• Tarraingítear fad ceart amháin<br>*Páirtchreidiúint Ard:*<br>• Tarraingítear dhá fhad chearta.<br>• Tógáil i gceart gan stuanna, le fad na sleasa seiceáilte<br>Tabhair do d'aire: **Lamháltas $\pm 0\cdot 3$ cm** |

| C11 | Réiteach Samplach – 45 Marc | Nótaí Marcála |
|---|---|---|
| (e) | $8^2 = h^2 + 5^2$<br>$64 = h^2 + 25$<br>$h^2 = 39$<br>$h = 6 \cdot 2[cm]$ 1 Ionad Deachúil | **Scála 10 C (0, 4, 7, 10)**<br>*Páirtchreidiúint Íseal*<br>• Ionadú éigin i bPíotágaráis<br>• Luaitear Teoirim Phíotágaráis<br><br>*Páirtchreidiúint Ard*<br>• Ionadaítear Píotágaráis go hiomlán<br>• Earráid san ionadú ach críochnaítear i gceart<br>*Creidiúint Iomlán -1*<br>Gan slánú ar bith ann nó slánú mícheart |

## Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

**Tábla 300 @ 5%**
Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 300 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 5% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 225 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 | 11 |
| 227 - 233 | 10 |
| 234 - 240 | 9 |
| 241 - 246 | 8 |
| 247 - 253 | 7 |
| 254 - 260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261 - 266 | 5 |
| 267 - 273 | 4 |
| 274 - 280 | 3 |
| 281 - 286 | 2 |
| 287 - 293 | 1 |
| 294 - 300 | 0 |